Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

# An tSlí a dToghtar Comhaltaí na nÚdarás Áitiúil

Ullmhaithe ag An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta

gov.ie/tithiocht

1. Struchtúr agus comhaltas na n-údarás áitiúil .......... 3
2. Incháilitheacht do Thoghadh .......... 3
3. Cé a fhéadfaidh vótáil i dtoghchán áitiúil? .......... 5
4. Clár na dToghthóirí .......... 5
5. Socruithe vótála .......... 5
6. Cathain a reáchtáiltear toghcháin áitiúla? .......... 6
7. Conas a eagraítear an toghchán? .......... 7
8. Iarrthóirí a ainmniú .......... 7
9. An Vótaíocht .......... 8
10. Vótáil .......... 9
11. An Comhaireamh .......... 11
12. Torthaí an toghcháin .......... 13
13. Achainí Cúirte .......... 13
14. Cathaoirleach/Méara .......... 13
15. Corrfholúntais .......... 14
16. Caiteachas & Síntiúis .......... 14
17. An Dlí maidir le Toghcháin Áitiúla .......... 15
18. Bileoga Eolais Eile .......... 16

## An tSlí a dToghtar Comhaltaí na nÚdarás Áitiúil

### 1. Struchtúr agus comhaltas na n-údarás áitiúil

I ndiaidh thoghcháin áitiúla 2019 tá 31 údarás áitiúil in Éirinn le 949 comhalta tofa mar seo a leanas:

| | **31 Údarás Áitiúil** | **949 Comhaltaí** |
|---|---|---|
| Comhairlí Contae | 26 | 765 |
| Comhairlí Cathrach | 3 | 112 |
| Comhairlí Contae agus Cathrach | 2 | 72 |

Tá **Comhairlí Contae** freagrach as rialtas áitiúil sna 26 limistéar riaracháin (faoin dtagann 24 contae geografach lena n-áirítear Co. Bhaile Átha Cliath atá roinnte i dtrí limistéar riaracháin).

Tá **Comhairlí Cathrach** freagrach as rialtas áitiúil i gcathair Bhaile Átha Cliath, i gcathair Chorcaí agus i gcathair na Gaillimhe.

Tá **Comhairlí Contae agus Cathrach** freagrach as rialtas áitiúil sna gcomhlimistéir chontae agus cathrach i Luimneach agus i bPort Láirge.

### 2. Incháilitheacht do Thoghadh

Tá gach saoránach de chuid na hÉireann nó gach duine a bhfuil cónaí orthu sa Stát de ghnáth, atá 18 mbliana d’aois nó os a chionn agus nach bhfuil faoi réir aon cheann de na dícháilíochtaí seo a leanas incháilithe le bheith tofa nó comhthofa chuig rialtas áitiúil nó a bheith ina chomhalta nó ina comhalta de rialtas áitiúil:

**Dícháilíochtaí**

- comhalta de Choimisiún na gComhphobal Eorpach;
- ionadaí i bParlaimint na hEorpa;
- Breitheamh, Ard-Abhcóide nó Cláraitheoir Chúirt Bhreithiúnais na gComhphobal Eorpach;

- comhalta de Chúirt Iniúchóirí na gComhphobal Eorpach;
- comhalta de Dháil Éireann nó de Sheanad Éireann;
- Breitheamh nó an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste ceaptha faoin mBunreacht;
- comhalta den Gharda Síochána nó comhalta lánaimsire de na Fórsaí Cosanta;
- státseirbhíseach nach bhfuil sé de chead aige nó aici a bheith ina chomhalta nó ina comhalta de rialtas áitiúil faoina chuid nó faoina cuid téarmaí fostaíochta;
- duine atá fostaithe ag údarás áitiúil agus nach bhfuil i bhfostaíocht d'aicme, de thuairisc nó de ghrád ainmnithe le hordú faoi alt 161(1)(b) *den Acht Rialtais Áitiúil 2001;*
- duine atá fostaithe ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte atá i bhfostaíocht de ghrád nó de thuairisc ainmnithe le hordú ón Aire Sláinte agus Leanaí;
- duine a bhfuil téarma príosúnachta ar feadh téarma is faide ná sé mhí a ghearr cúirt dlínse inniúla sa Stát á cur isteach aige nó aici;
- duine a mhainníonn aon chuid d'aon suim arna gearradh nó arna formhuiriú ag iniúchóir cuntas aon rialtas áitiúil ar an duine sin, nó in aghaidh an duine sin a íoc;
- duine a mhainníonn breith chríochnaitheach, ordú nó foraithne cúirte dlínse inniúla a chomhlíonadh maidir le hairgead atá dlite a aisíoc le rialtas áitiúil;
- duine atá ciontaithe i gcoir a bhaineann le ceachtar díobh seo a leanas, nó a bhfuil ciontú deimhnithe ar achomharc –

  (i) déileáil chalaoiseach nó mhí-ionraic a raibh tionchar aici ar rialtas áitiúil,

  (ii) cleachtas éillitheach,

  (iii) gníomhú nuair a bhíothas dícháilithe.

3. **Cé a fhéadfaidh vótáil i dtoghchán áitiúil?**

Tá breis agus 3.5 mhilliún toghthóir ann a fhéadfaidh vótáil i dtoghcháin áitiúla. Go ginearálta, tá gach duine atá os cionn 18 mbliana d'aois i dteideal clárú mar thoghthóir i dtoghchán áitiúil sa toghcheantar ina bhfuil gnáthchónaí ar an duine sin ann. Ní gá go mbeadh saoránacht ag duine le vóta a chaitheamh i dtoghchán áitiúil.

4. **Clár na dToghthóirí**

Tiomsaíonn comhairlí contae agus comhairlí cathrach clár na dtoghthóirí gach bliain. Tá gach duine ar an gclár i dteideal vótála i dtoghchán áitiúil. Ní féidir le daoine a mbíonn an litir "L" trasna óna n-ainmneacha vóta a chaitheamh ach i dtoghcháin áitiúla amháin. Foilsítear dréacht-chlár an 1 Samhain gach bliain agus cuirtear an clár ar fáil lena iniúchadh i leabharlanna, in oifigí poist agus i bhfoirgnimh phoiblí eile agus ar líne ar láithreáin ghréasáin na comhairle contae nó cathrach. Is féidir le duine éileamh ar cheartúchán a dhéanamh ar an ndréacht-chlár go dtí an 25 Samhain. Is é nó í an cláraitheoir contae a bhreithníonn éilimh agus is féidir achomharc a dhéanamh chuig an gCúirt Chuarda maidir le cinneadh an chláraitheora contae. Bíonn feidhm le clár na dtoghthóirí an 15 Feabhra. Is féidir le daoine nach bhfuil ar an gclár iarratas "deireanach" a dhéanamh le bheith i bhforlíonadh a fhoilsítear roimh an lá vótaíochta i dtoghchán. Féadfar iarratas a dhéanamh ag tráth ar bith ach má táthar le bheith san áireamh lena chur ar an bhforlíonadh a fhoilseofar i dtoghchán ní mór an t-iarratas a bheith faighte ag an gcomhairle contae / cathrach 15 lá oibre ar a laghad roimh an lá vótaíochta. Maidir le daoine ar mian leo a bheith i bhforlíonadh na bpostvótálaithe nó i bhforlíonadh na vótálaithe speisialta - ní mór an t-iarratas a bheith faighte ag an gcomhairle contae/cathrach ar a laghad 22 lá oibre roimh lá na vótaíochta.

5. **Socruithe vótála**

Tríd is tríd vótálann toghthóirí go pearsanta ag a stáisiún vótaíochta áitiúil.

Tá postvótáil ar fáil don Gharda Síochána, do na Fórsaí Cosanta agus do státseirbhísigh (agus a gcéilí/a bpáirtnéirí sibhialta) a bhíonn ceangailte le

misin Éireannacha thar lear, chomh maith le toghthóirí a bhíonn ina gcónaí sa bhaile nach mbíonn ábalta vótáil ag stáisiún vótaíochta mar gheall ar thinneas coirp nó míchumas agus toghthóirí nach mbíonn ábalta vótáil ag a stáisiún vótaíochta de bharr a bheith faoi choinneáil i bpríosún de bhun ordú cúirte. Féadfaidh duine a bhíonn fostaithe ag ceann comhairimh ar lá vótaíochta i ndáilcheantar eile nach é an ceann ina bhfuil siad féin cláraithe chun vótála, iarratas a dhéanamh iad a chur ar fhorlíonadh don liosta de phostvótálaithe.

Tá cineál eile postvótála ar fáil freisin do thoghthóirí ar dóigh go gcuirfeadh a slite beatha cosc orthu vótáil ag a stáisiún vótaíochta áitiúil (lena n-áirítear mic léinn lánaimseartha atá cláraithe sa bhaile ach atá ina gcónaí in áit éigin eile agus iad ag freastal ar fhoras oideachais sa Stát). Faoin socrú seo, seoltar páipéar ballóide tríd an bpost chuig toghthóirí sa bhaile agus bíonn orthu socrú a dhéanamh Garda a bheith mar fhinné ar a ndearbhú céannachta sula marcálfar an páipéar ballóide agus é a sheoladh ar ais tríd an bpost chuig an ceann comhairimh.

Tá vótáil speisialta ar fáil do thoghthóirí a bhfuil cónaí orthu in ospidéal, i dteach altranais, nó i bhforas den sórt sin nach bhfuil ábalta vótáil ag stáisiún vótaíochta mar gheall ar thinneas coirp nó míchumas. Tugtar an páipéar ballóide chucu san fhoras agus vótálann siad i láthair oifigigh cheannais speisialta i dteannta Garda.

Is féidir le toghthóirí atá faoi mhíchumas fisiciúil agus a bhfuil deacracht acu rochtain a fháil ar a n-ionad vótaíochta áitiúil, cead a fháil vótáil ag stáisiún a bhfuil rochtain níos fearr air sa dáilcheantar.

**6. Cathain a reáchtáiltear toghcháin áitiúla?**

De ghnáth gach cúig bliana i mí Bealtaine nó Meithimh a reáchtáiltear toghcháin áitiúla. Is ar ordú ón tAire Tithíocha, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta a shocraítear an lá vótaíochta a bhíonn mar a chéile i ngach ceantar. Socraíonn an tAire an tréimhse vótaíochta freisin a mhairfidh ar feadh 12 uair an chloig ar a laghad idir 7.00 a.m. agus 10.30 p.m. I gcás deacrachtaí iompair nó drochaimsire áfach, d’fhéadfadh sé tarlú go mbeadh

vótaíocht ar bun ar oileáin roimh an lá vótaíochta agus go laghdófaí an tréimhse vótaíochta go dtí ceithre uair an chloig.

## 7. Conas a eagraítear an toghchán?

Is é nó í ceann comhairimh an údaráis áitiúil a bhíonn freagrach as an toghchán do gach údarás áitiúil a reáchtáil. Is é an t-údarás áitiúil a sheasann costais reáchtála an toghcháin.

Tá na húdaráis áitiúla roinnte i dhá thoghlimistéar áitiúla nó níos mó agus reáchtáiltear toghchán i ndáil le gach toghlimistéar áitiúil don líon comhaltaí den chomhairle a bhíonn sannta don cheantar sin. Reáchtáladh toghcháin i ndáil le 166 toghcheantar áitiúil in 2019.

## 8. Iarrthóirí a ainmniú

Is ceithre seachtaine roimh an lá vótaíochta a bhíonn an tréimhse (seachtain) ann chun iarrthóirí a ainmniú le rith i dtoghchán áitiúil. Is féidir le duine é nó í féin a ainmniú nó is féidir le toghthóir cláraithe do thoghcháin áitiúla sa limistéar lena mbaineann é nó í a ainmniú. Is féidir duine a ainmniú le rith i níos mó ná ceantar amháin. Ní mór deimhniú cleamhnachta polaitíochta a bheith i gceangal le foirm ainmniúcháin iarrthóra de chuid páirtí polaitíochta cláraithe. Mura mbíonn aon deimhniú iniata ní mór cloí le ceann nó eile de na nósanna imeachta seo a leanas sula dtéann an t-am ina nglacfar le hainmniúcháin in éag:

- Dearbhuithe reachtúla ó 15 toghthóir atá cláraithe ina dtoghthóirí áitiúla sa toghlimistéar lena mbaineann arna fhianú ag Coimisinéir Mionn, ag Feidhmeannach Síochána, ag Nótaire Poiblí, ag comhalta den Gharda Síochána nó ag oifigeach ón údarás clárúcháin.

  nó

- an t-iarrthóir nó duine éigin thar a cheann éarlais €100 a lóisteáil leis an gceann comhairimh.

Féadfaidh iarrthóir cleamhnacht polaitíochta a thabhairt ar an bpáipéar ainmniúcháin. Mura mbíonn cleamhnacht páirtí ag an iarrthóir is féidir leis nó léi é nó í féin a chur síos mar iarrthóir “Neamh-Pháirtí” nó an spás cuí a fhágáil folamh.

Tá an t-iarrthóir nó an moltóir freagrach as a chinntiú go seachadfar an páipéar ainmniúcháin comhlánaithe chuig an gceann comhairimh roimh an tráth deiridh ar féidir glacadh le hainmniúcháin don toghchán.

Ní mór don cheann comhairimh rialú ar bhailíocht an pháipéir ainmniúcháin laistigh d’aon uair an chloig dá chur i láthair agus is féidir leis no léi é a rialú go bhfuil sé neamhbhailí más rud é:

- mura mbíonn páipéar ainmniúcháin iarrthóra déanta amach nó sínithe i gceart; nó
- i gcás pháipéar ainmniúcháin iarrthóra nach comhalta de pháirtí polaitíochta é nó í, agus a roghnaigh a bheith ainmnithe ag aontaitheoirí mura mbíonn an t-ainmniúchán aontaithe mar is gá.

## 9. An Vótaíocht

Is féidir leis an rialtas áitiúil cinneadh a dhéanamh cártaí faisnéise vótaíochta a eisiúint chuig gach toghthóir nó gan iad a eisiúint.  Léiríonn an cárta sin dáta na vótaíochta, am na vótaíochta, uimhir an toghthóra ar an gclár agus an stáisiún vótaíochta ina bhféadfaidh an t-iarrthóir vótáil. Seolann an ceann comhairimh páipéar ballóide freisin tríd an bpost chuig gach postvótálaí agus socraíonn sé nó sí go dtabharfaí na páipéir bhallóide chuig toghthóirí faoi mhíchumas fisiciúil a bhíonn cláraithe ar an liosta vótálaithe speisialta.

Is iad na comhairlí cathrach/contae/cathrach agus contaea cheapann na hionaid vótaíochta.  Cuireann an ceann comhairimh stáisiúin vótaíochta ar fáil i ngach ionad vótaíochta.  Dé ghnáth is scoileanna nó foirgnimh phoiblí a úsáidtear. Is é nó í an t-oifigeach ceannais le cúnamh ó chléireach vótaíochta

a dhéanann maoirsiú ar gach stáisiún vótaíochta. Féadfaidh gníomhaire, a chuidíonn le cosc a chur ar chionta toghcháin, ionadaíocht a dhéanamh do gach iarrthóir.

## 10. Vótáil

Baintear úsáid as an gcóras PR-STV i dtoghcháin áitiúla (ionadaíocht chionmhar tríd an aon vóta inaistrithe).

Déanann an toghthóir iarratas ar pháipéar ballóide sa stáisiún vótaíochta, an lá vótaíochta trína ainm agus a sheoladh nó trína hainm agus a seoladh a lua. B'fhéidir go mbeadh ar an toghthóir cruthúnas céannachta a chur ar fáil agus, má mhainníonn sé nó sí sin a dhéanamh ní bheidh cead aige nó aici vóta a chaitheamh.

Glactar leis na cáipéisí seo a leanas chun críocha céannachta:

(i) pas;
(ii) ceadúnas tiomána;
(iii) cárta céannachta fostaí le grianghraf;
(iv) cárta céannachta mic léinn le grianghraf, arna eisiúint ag foras oideachais;
(v) cáipéis taistil le grianghraf agus ainm;
(vi) leabhar Coigiltis, leabhar Bainc nó leabhar Chomhar Creidmheasa ina bhfuil an seoladh sa toghlach luaite;
(vii) cárta Seirbhísí Poiblí
(viii) cárta Dheimhniú Cónaithe Sealadach;
(ix) cárta Bhiúró Inimirce Náisiúnta an Gharda Síochána;
(x) Cead Cónaithe Éireannach;

nó na nithe seo a leanas ach cáipéis bhreise a bheith ina dteannta a chruthaíonn seoladh an tsealbhóra sa toghlach.

(xi) seicleabhar;
(xii) seic-chárta;
(xiii) cárta creidmheasa;
(xiv) teastas breithe;

(xv) teastas pósta.

I gcás gur deimhin leis an oifigeach ceannais céannacht an toghthóra, stampáiltear  an páipéar ballóide le marc oifigiúil agus tugtar don toghthóir é.

Caitheann an toghthóir vóta go rúnda i mbothán vótála. Bíonn ainmneacha na n-iarrthóirí le feiceáil in ord aibítre ar an bpáipéar ballóide, chomh maith le grianghraf díobh, cleamhnacht pholaitíochta agus suaitheantas páirtí más ann dóibh.  Léiríonn an vótálaí ord a rogha trí 1 a scríobh trasna ó ainm an chéad rogha, 2 trasna ó ainm an dara rogha, 3 trasna ó ainm an tríú rogha agus mar sin de.  Ar an tslí sin tugann an vótálaí treoir don cheann comhairimh an vóta a aistriú chuig iarrthóir an dara rogha má bhíonn an chéad rogha tofa, nó curtha as an iomaíocht. Má tharlaíonn an rud céanna leis an iarrthóir a bhíonn mar an dara rogha, is féidir an vóta a aistriú chuig an tríú rogha agus mar sin de.  Filleann an vótálaí an páipéar ballóide ionas nach bhfeicfear an vóta a caitheadh agus cuireann sé nó sí i mbosca ballóide séalaithe é. Ní féidir le duine vótáil ach aon uair amháin sa toghchán.

Is féidir le daoine le lagú amhairc, daoine atá faoi mhíchumas fisiciúil nó daoine le deacrachtaí litearthachta cúnamh a fháil ón oifigeach ceannais nó ó chara. Féadfaidh daoine le lagú amhairc Teimpléad Páipéar Ballóide (atá ar fáil i ngach stáisiún vótála) a úsáid chun a vóta a chaitheamh.  Gléasanna iad seo ar féidir iad a cheangal le páipéar ballóide chun a chur ar chumas vótálaithe lagamhairc vótáil faoi rún.

Oibríonn an Teimpléad Páipear Ballóide i gcomhar le huimhir Shaorghlao - 1800 a chuireann in iúl don éisteoir na hiarrthóirí a chomhfhreagraíonn leis na huimhreacha ar an Teimpléad Páipear Ballóide. Beidh an uimhir Shaorghlao ar fáil do vótálaithe a bhfuil sé ar intinn acu an teimpléad a úsáid, chomh luath agus is féidir i ndiaidh thréimhse fála na n-ainmniúchán le haghaidh na dtoghchán suas go lá na vótála, agus lá na vótála san áireamh.

Is féidir leis an oifigeach ceannais a ordú duine atá faoi amhras maidir le cion toghcháin a dhéanamh, a ghabháil.

## 11. An Comhaireamh

**Socruithe comhairimh:**

Tugtar na boscaí ballóide ar fad chuig lárionad comhairimh do gach rialtas áitiúil. Tá cead ag gníomhairí na n-iarrthóirí freastal ar an ionad comhairimh chun an próiseas comhairimh a mhaoirsiú. Sula dtosaíonn comhaireamh na vótaí osclaítear na clúdaigh litreach a bhfuil páipéir bhallóide na bpostvótálaithe agus na vótálaithe speisialta iontu i láthair ghníomhairí na n-iarrthóirí agus cuirtear na páipéir bhallóide sin in éineacht le páipéir bhallóide eile an rialtais áitiúil.

Cuirtear tús leis an gcomhaireamh ag 9 a.m. an lá i ndiaidh lá na vótaíochta. Osclaítear gach bosca ballóide agus seiceáiltear líon na bpáipéar ballóide i gcomparáid le tuairisceán a chuireann gach oifigeach ceannais ar fáil. Ansin measctar le chéile go maith iad agus sórtáiltear iad de réir na vótaí céad rogha a thaifeadtar do gach iarrthóir agus ní ghlactar le páipéir neamhbhailí.

**Cuóta:**

Is éard atá sa chuóta ná an méid is lú vótaí a theastaíonn lena chinntiú go dtoghfar iarrthóir. Déantar amach an cuóta trí líon iomlán na bpáipéar ballóide bailí a roinnt ar líon na suíochán a bhíonn le líonadh móide suíochán amháin eile agus a haon a chur leis an toradh. Dá bhrí sin, dá mba rud é go mbeadh 40,000 páipéar bailí ann agus 4 shuíochán le líonadh, is 8,001 a bheadh mar chuóta. Feictear leis an sampla sin nach bhféadfadh ach le ceathrar iarrthóirí (an líon le toghadh) an cuóta a bhaint amach.

**Farasbarr a aistriú:**

Ag deireadh an chéad chomhairimh meastar aon iarrthóir, a mbíonn líon na vótaí a fhaigheann siad comhionann leis an gcuóta, nó níos airde na an cuóta, a bheith tofa. Má fhaigheann iarrthóir níos mó vótaí ná an cuóta, aistrítear an farasbarr vótaí go comhréireach chuig na hiarrthóirí a bhíonn fágtha ar an tslí seo a leanas. Más vótaí céad rogha ar fad iad vótaí an iarrthóra, cuirtear a chuid nó a cuid páipéir bhallóide i mbeartáin faoi leith de réir an chéad rogha eile a bhíonn iontu. Déantar beartán eile de na páipéir neamh-inaistrithe (páipéir nach mbíonn rogha eile éifeachtach léirithe orthu).

Más ionann an farasbarr agus líon na vótaí inaistrithe, nó má bhíonn sé níos mó, faigheann gach iarrthóir a bhíonn fágtha na vótaí ar fad ón mbeartán cuí de pháipéir inaistrithe.  Má bhíonn an farasbarr níos lú ná líon na bpáipéar inaistrithe, faigheann gach iarrthóir a bhíonn fágtha líon vótaí ón mbeartán cuí de pháipéir inaistrithe a ríomhtar mar seo a leanas:-

$$\frac{\text{Farasbarr x líon na bpáipéar sa bheartán}}{\text{Líon iomlán na bpáipéar inaistrithe}}$$

Má thagann an farasbarr as páipéir aistrithe, ní scrúdaítear ach na páipéir sa bheartán is déanaí a aistríodh chuig an iarrthóir sin agus déileáiltear leis an mbeartán sin ar an dóigh chéanna le farasbarr comhdhéanta de vótaí céad rogha.  Má fhaigheann beirt iarrthóirí nó níos mó, líon níos mó vótaí ná an cuóta, dáiltear an farasbarr is mó ar dtús.

**Iarrthóir a chur as an Iomaíocht:**

Mura mbíonn farasbarr ag iarrthóir ar bith nó murar leor an farasbarr chun duine de na hiarrthóirí a bhíonn fágtha a thoghadh nó fiú chun tionchar ábhartha a bheith aige ar dul chun cinn an chomhairimh, cuirtear an t-iarrthóir a mbíonn an líon is lú vótaí aige nó aici as an iomaíocht agus aistrítear a pháipéir nó a páipéir chuig na hiarrthóirí a bhíonn fágtha de réir an chéad rogha eile a léirítear iontu.  Má léirítear gur iarrthóir atá tofa nó curtha as an iomaíocht cheana féin an dara rogha ar pháipéar ballóide, téann an vóta ar aghaidh chuig an tríú rogha agus mar sin de.

**An Comhaireamh a thabhairt chun críche:**

Leantar leis an gComhaireamh go dtí go líontar na suíocháin ar fad.  Más ionann líon na suíochán a bhíonn fós le líonadh agus líon na n-iarrthóirí a bhíonn fós san iomaíocht fógraítear go bhfuil na hiarrthóirí sin a bhíonn fágtha tofa gan an cuóta a bheith bainte amach acu.

**Athchomhaireamh:**

Féadfaidh ceann comhairimh na páipéir ar fad nó cuid díobh a athchomhaireamh ag tráth ar bith den chomhaireamh. Tá an t-iarrthóir nó

gníomhaire toghcháin iarrthóra i dteideal athchomhaireamh a iarraidh ar na páipéir ar déileáladh leo i gcomhaireamh faoi leith, nó athchomhaireamh iomlán amháin a iarraidh ar na beartáin de pháipéir bhallóide ar fad. Nuair a bhítear ag athchomhaireamh ní fhéadfar cur as d'ord na bpáipéar. Nuair a thagann earráid shuntasach chun solais caithfear na páipéir a chomhaireamh ón bpointe ar tharla an earráid sin ann.

## 12. Torthaí an toghcháin

Nuair a bhíonn an comhaireamh curtha i gcrích fógraíonn an ceann comhairimh torthaí an toghcháin agus tugann fógra poiblí ina leith agus tugann sé nó sí ainmneacha na gcomhaltaí tofa don rialtas áitiúil lena mbaineann.

Má thoghtar iarrthóir i níos mó ná toghlimistéar amháin, ní mór dó nó di deimhniú a thabhairt i scríbhinn, laistigh de thrí lá ón bhfógra poiblí faoi na torthaí maidir leis an limistéar ar mian leo ionadaíocht a dhéanamh air. Déileáiltear le folúntais a thagann chun cinn dá bharr sin mar chorrfholúntais.

## 13. Achainí Cúirte

Is féidir le duine ar bith atá 18 mbliana d'aois nó os a chionn torthaí toghcháin áitiúil a cheistiú trí achainí a dhéanamh sa Chúirt Chuarda laistigh de 28 lá ó fhógairt na dtorthaí. Féadfar toghchán a thabhairt faoi cheistiú ar fhoras díth cáilíochta, ar sheoladh an toghcháin a bhac nó a chosc nó a thoirmeasc ar aon bhealach eile, nó dearmad nó mírialtacht eile. Caithfidh an Chúirt Chuarda, i dtriail maidir le hachainí toghcháin, toradh ceart an toghcháin a chinneadh agus d'fhéadfadh sí chun na críche sin, a ordú na vótaí a athchomhaireamh. D'fhéadfadh an Chúirt an toghchán nó cuid den toghchán sa toghlach a dhearbhú neamhbhailí, agus sa chás sin reáchtálfar toghchán eile chun na suíocháin fholmha a líonadh.

## 14. Cathaoirleach/Méara

Ag gach cruinniú bliantúil, toghann comhaltaí na n-údarás áitiúil nó na gceantar cathrach (i ndiaidh na dtoghchán áitiúil 2019 i gcás na gceantar cathrach) comhalta chuig oifig an Chathaoirligh (dá ngairtear Méara nó Ard-

Mhéara i gcásanna áirithe) a bheidh ina Chathaoirleach ar an údarás agus ar chomhaltaí an cheantair cathrach. Bíonn an Cathaoirleach i gceannas ar gach cruinniú de chuid na comhairle nó chomhaltaí an cheantair cathrach.

## 15. Corrfholúntais

Is trí chomhthoghadh sa rialtas áitiúil lena mbaineann a líontar corrfholúntais a thagann chun cinn i gcomhaltas na n-údarás áitiúil tofa. Sealbhaíonn an comhalta comhthofa an suíochán faoi na coinníollacha céanna a bhíonn leis na comhairleoirí tofa, go dtí an chéad toghchán eile.

## 16. Caiteachas & Síntiúis

Leagtar amach san Acht um Thoghcháin Áitiúla (Síntiúis agus Caiteachas a Nochtadh), 1999 na ceanglais dlí a bhaineann le glacadh le síntiúis pholaitíochta agus maidir le caiteachas toghcháin i ndáil le comhaltaí údaráis áitiúil, páirtithe polaitíochta, tríú páirtithe agus iarrthóirí i dtoghcháin áitiúla.

### Caiteachas

Faoin Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014 rinneadh athbhreithniú ar na teorainneacha caiteachais a tugadh isteach ar dtús do thoghcháin áitiúla 2009. Bíonn an teorainn ag brath ar dhaonra an toghlimistéir.

| **Toghlimistéar áitiúil** | **Teorainn Caiteachais Iarrthóra** |
|---|---|
| Daonra níos mó ná 35,000 | €13,000 |
| Daonra idir 18,001 agus 35,000 | €11,500 |
| Daonra de 18,000 nó níos lú | €9,750 |

Glacfar leis go leithroinnfidh iarrthóirí a bheidh ainmnithe ag páirtí polaitíochta 10% den teorainn caiteachais ar ghníomhaire náisiúnta an pháirtí. Mar shampla, i gcás iarrthóir páirtí a bhfuil teorainn caiteachais €13,000 aige glacfar leis go leithroinnfear €1,300 ar an bpáirtí lena úsáid. An teorainn mar sin a bheadh acu in éifeacht ná €11,700. Is féidir an figiúr 10% a ardú nó a ísliú ach comhaontú scríofa a bheith ann idir an t-iarrthóir agus an gníomhaire náisiúnta.

Ní mór aon chaiteachas toghcháin a thabhaítear sa tréimhse roimh an toghchán a chur in iúl don údarás áitiúil lena mbaineann agus ní mór dó a bheith faoin teorainn sonraithe. Leagtar amach in ordú ón Aire roimh an toghchán dáta thús na tréimhse caiteachais agus ní mór an dáta sin a bheith idir 50 agus 60 lá roimh lá na vótaíochta. Ní mór do gach iarrthóir ráiteas i ndáil le caiteachas a chur ar aghaidh laistigh de 90 lá ó lá na vótaíochta.

**Síntiúis**

€1,000 an t-uasmhéid is féidir le comhalta d'údarás áitiúil nó iarrthóir i dtoghchán áitiúil a ghlacadh ó aon fhoinse in aon bhliain amháin féilire.

Ní mór mionsonraí maidir le síntiúis os cionn €600 a nochtadh i ráiteas chuig an údarás áitiúil. Ní mór d'iarrthóir nó do chomhalta rialtais áitiúil a fhaigheann síntiúis airgid os cionn €100 cuntas síntiús polaitíochta a oscailt agus a choinneáil in institiúid airgeadais.

Tá srian ar shíntiúis ar leith. Níl cead glacadh le síntiúis os cionn €100 ó fhoinse gan ainm. Tá cosc freisin ar ghlacadh le síntiúis de os cionn €200 in airgead tirim. Tá rialacha sonracha ag baint le síntiúis corparáide os cionn €200 - ní mór don deontóir a bheith cláraithe leis an gCoimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí agus fianaise a bheith ann gur cheadaigh an comhlacht corparáide an síntiús a tugadh.

## 17. An Dlí maidir le Toghcháin Áitiúla

Tá an dlí a rialaíonn toghcháin áitiúla go príomha sna forálacha dlí seo a leanas, arna leasú:

- An tAcht um Thoghcháin Áitiúla (Achainíocha agus Dícháilíochtaí) 1974
- An tAcht Toghcháin 1992
- Na Rialacháin um Thoghcháin Áitiúla 1995
- An tAcht Toghcháin 1997
- An tAcht Rialtais Áitiúil 1998

- An tAcht um Thoghcháin Áitiúla (Síntiúis agus Caiteachas a Nochtadh) 1999
- An tAcht Rialtais Áitiúil 2001
- An tAcht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014

Is féidir na forálacha dlí sin a cheannach ón Oifig Dhíolta Foilseachán Rialtais, 52 Faiche Stiabhna, Baile Átha Cliath 2. nó féachaint orthu ar líne ag www.irishstatutebook.ie (Teileafón: 01-6793515).

**18. Bileoga Eolais Eile**

Seo a leanas bileoga eile sa tsraith seo atá ar fail ar láitheán gréasáin na Roinne www.housing.gov.ie

An tSlí a dToghtar an tUachtarán

An tSlí a dToghtar an Dáil (Teach na dTeachtaí)

An tSlí a dToghtar an Seanad

Parlaimint na hEorpa: An tSlí a dToghtar Ionadaithe na hÉireann

An Reifreann in Éirinn

Clár na dToghthóirí

Eolas do Vótálaithe faoi Mhíchumas

**AN ROINN TITHÍOCHTA, RIALTAIS ÁITIÚIL AGUS OIDHREACHTA**
**Márta 2021**

**gov.ie/tithiocht**

An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland